**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**B9-0481/2022**

7.11.2022

# TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚIN

de bhun Riail 143 de na Rialacha Nós Imeachta

maidir leis an ngéarchéim imirce atá ann faoi láthair

**Filip De Man, Gerolf Annemans, Tom Vandendriessche, Roman Haider, Harald Vilimsky, Rob Rooken, Gunnar Beck, Guido Reil, Maximilian Krah, Miroslav Radačovský, Emmanouil Fragkos, Susanna Ceccardi**

**B9-0481/2022**

**Tairiscint i gcomhair rún ó Pharlaimint na hEorpa maidir leis an ngéarchéim imirce atá ann faoi láthair**

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

– ag féachaint do Choinbhinsiún na Ginéive 1951 maidir le Dídeanaithe,

– ag féachaint do Phrótacal Nua-Eabhrac 1967 maidir le Stádas Dídeanaithe,

– ag féachaint d'Airteagal 9 de Phrótacal Nua-Eabhrac 1967, agus do Choinbhinsiún Vín 1969 maidir le Dlí na gConarthaí,

– ag féachaint do Riail 143 dá Rialacha Nós Imeachta,

A. de bhrí, sa ghéarchéim imirce atá ann faoi láthair, go bhfuil 2-3 mhilliún imirceach ag teacht isteach san Aontas Eorpach gach bliain;

B. de bhrí, go bhfuil iarrachtaí móra déanta ag na Ballstáit chun dídeanaithe ón Úcráin a óstáil;

C. de bhrí, gur bhain Coinbhinsiún na Ginéive maidir le Dídeanaithe ar dtús le cosaint dídeanaithe Eorpacha;

D. de bhrí, gur dhiúltaigh an Coimisiún freagra a thabhairt ar iarraidh ó 12 Bhallstáit i mí Dheireadh Fómhair 2021 ar chúnamh a thabhairt chun bacainní fisiceacha a thógáil;

1. á chur i bhfios go láidir, de réir Choinbhinsiún na Ginéive, nach bhfuil sé mídhleathach imircigh a bhrú siar chuig tír, áit nach bhfuil siad i mbaol;

2. á chur i bhfios go láidir go bhfuil sé dleathach do Stát is Páirtí tarraingt siar as conradh nó codanna de;

3. á iarraidh ar an gComhairle agus ar na Ballstáit go ndéanfaidís Prótacal 1967 a shéanadh agus go bhfillfidís ar Choinbhinsiún tosaigh 1951 maidir le Dídeanaithe;

4. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig na Ballstáit.